2024/2680

11.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2680 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 lena n-údaraítear an Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE, duine inchánach atá i mbun soláthar earraí nó seirbhísí inchánach, tá sé faoi dhliteanas cáin bhreisluacha (CBL) a íoc leis na húdaráis chánach, mar riail ghinearálta.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle ([2]), údaraítear an Ghearmáin beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024 de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE chun an duine inchánach a fhaigheann aistrithe lamháltas astaíochtaí faoin Acht um Thrádáil Lamháltas Astaíochtaí Breosla (BEHG) a ainmniú mar dhuine atá faoi dhliteanas CBL a íoc ('an beart speisialta').

(3) Le litir cláraíodh leis an gCoimisiún an 19 Feabhra 2024, d'iarr an Ghearmáin síneadh ar an mbeart speisialta agus, ar an gcaoi sin, údarú a iarraidh chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2024 ('an iarraidh').

(4) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh chuig na Ballstáit eile le litir dar dáta an 27 Márta 2024. Le litir dar dáta an 2 Aibreán 2024, thug an Coimisiún fógra don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun an iarraidh a mheas.

(5) De réir na faisnéise a chuir an Ghearmáin ar fáil, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. Mar aon leis an iarraidh, chuir an Ghearmáin tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar an taithí dhearfach fhoriomlán agus ar an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm a léiríonn go bhfuil fiúntas praiticiúil ag baint le húsáid an nós imeachta aistrithe táillí in aistriú lamháltas astaíochtaí faoi BEHG. Is cuid thábhachtach é an beart speisialta den chomhrac i gcoinne calaois CBL; meastar go dtiocfaidh méadú níos mó fós ar a thábhacht sna blianta amach romhainn mar thoradh ar dhálaí athraitheacha an mhargaidh.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an mbeart speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur le síneadh an bhirt speisialta ionas go bhféadfaidh an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar a oiriúnacht. Dá bhrí sin, ba cheart an beart speisialta dul in éag an 31 Nollaig 2026.

(7) Más mian leis an nGearmáin síneadh a chur leis an mbeart speisialta sin tar éis 2026, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mbeart speisialta mar aon leis an iarraidh ar shíneadh faoin 31 Márta 2026 ar a dhéanaí. Ba cheart a áireamh sa tuarascáil sin measúnú ar thionchar an bhirt speisialta ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise CBL agus líon na dtrádálaithe agus na n-idirbheart a ndéanann an beart sin difear dóibh.

(8) Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 lena n-údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 360, 11.10.2021, lch. 117).

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778:

‘*Airteagal 2*

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2026.

Aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart speisialta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í faoin 31 Márta 2026 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina mbeidh measúnú ar an mbeart speisialta agus ar a thionchar ar an gcomhrac i gcoinne chalaois CBL agus líon na dtrádálaithe agus na n-idirbheart a ndéanann an beart sin difear dóibh.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.